C/2024/1595

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas

(COM(2023) 512 final – 2023/0311 (COD))

(C/2024/1595)

Rapóirtéir ginearálta: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhairliúchán	An Chomhairle, 28.9.2023
	Parlaimint na hEorpa, 19.10.2023
Bunús dlí	Airteagal 91 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	203/0/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún maidir le Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach mar chéad chéim i dtreo saoirse gluaiseachta do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas, mar a mhol CESE i dTuairim uaidh an 27 Aibreán 2023 cárta míchumais Eorpach ([1]) .

1.2. Is díol sásaimh do CESE freisin an togra ar leith ón gCoimisiún lena leathnaítear an Treoir chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát ([2]). Is gá sin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach ag na daoine a bhfuil siad de dhíth orthu.

1.3. Molann CESE go leathnófaí raon feidhme an togra le go mbeifí in ann an Cárta Míchumais Eorpach a úsáid chun **rochtain a fháil ar bhonn sealadach ar shocair atá nasctha le beartais shóisialta phoiblí agus/nó le córais slándála sóisialta náisiúnta** i gcás ina bhfuil duine faoi mhíchumas tar éis bogadh chuig Ballstát eile chun staidéar nó obair a dhéanamh ann, agus go mbeadh an rochtain sin ag an duine sin go dtí go ndéanfaí athmheasúnú agus deimhniú ar an míchumas atá air, ar a laghad. Tá gá leis sin mar nuair a bhogann daoine ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, cailleann siad na cearta a bhí acu chun sochair a bhaineann le míchumas a fháil nuair a thrasnaíonn siad an teorainn. D'fhéadfadh breis agus bliain a bheith i gceist sula ndéanfaí athmheasúnú ar an míchumas sa Bhallstát nua agus, idir an dá linn, d'fhágfaí an duine gan aon aitheantas ná tacaíocht (Airteagal 2(2))

1.4. Tá sé á iarraidh ag CESE freisin go luafar go soiléir sa dlí gur cheart an Cárta Míchumais a bheith **saor in aisce agus deonach**. Níor cheart an Cárta a eisiúint go díreach mura rud é gur iarr an duine é nó go bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach leabaithe, cuir i gcás, sa chárta náisiúnta míchumais atá bunaithe ar an measúnú náisiúnta míchumais. Caithfidh sé a bheith saor in aisce freisin ionas nach mbeidh costas an Chárta ina bhac breise ar iarratas a dhéanamh air.

1.5. Thairis sin, níor cheart é a bheith de cheangal ar dhuine riamh **an Cárta Míchumais a thaispeáint mar chruthúnas ar mhíchumas i gcás seirbhísí a dheonaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais**, cuir i gcás an ceart chun cúnaimh ag aerfoirt faoi Rialachán (AE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer. Dá mbeadh sé éigeantach Cárta a thaispeáint chun na cearta sin a fheidhmiú, d'fhéadfadh sé go mbeadh stiogmatú i gceist leis sin, agus, amach uaidh sin, d'fhéadfadh sé daoine nach sealbhóirí Cárta Míchumais iad a eisiamh ón gcúnamh atá de dhíth orthu ag aerfoirt.

([1]) IO C 228, 29.6.2023, lch. 71.
([2]) COM(2023) 698 final.
([3]) IO L 204, 26.7.2006, lch. 1.

1.6. Molann CESE **bunachar sonraí ar leith a chur ar fáil i dteangacha uile an Aontais in éineacht leis an gCárta Páirceála Eorpach** chun faisnéis a chur ar fáil faoi na rialacha, na coinníollacha agus na spásanna páirceála is infheidhme atá ann cheana mar a shainítear ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta iad. Tacóidh na Ballstáit freisin leis na húdaráis náisiúnta agus spreagfaidh siad iad chun an fhaisnéis atá ábhartha d'úsáideoirí a uaslódáil agus a thabhairt cothrom le dáta (Airteagal 7).

1.7. Ina theannta sin, ní mór **na focail 'Cárta Páirceála Eorpach' a bheith ar taispeáint i mbraille** ar an gCárta Páirceála Eorpach agus úsáid á baint as toisí chód Marburg, mar a dhéantar i gcás an Chárta Míchumais Eorpaigh cheana féin. Is fusa a bheidh sé ansin d'úsáideoirí dalla agus d'úsáideoirí faoi lagamharc an dá Chárta a aithint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu (Iarscríbhinn II).

1.8. Molann CESE, mar chuid den reachtaíocht maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach, go mbeadh **suíomh gréasáin ar leibhéal an Aontais a bheadh go hiomlán inrochtana, ar a mbeadh leagan soléite den reachtaíocht agus í ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais, teangacha comharthaíochta san áireamh, agus lena gcuirfí faisnéis nithiúil le haghaidh gach tíre**. Ní mór faisnéis a áireamh ann faoi na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais, agus na nósanna imeachta chun Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar, mar aon le faisnéis faoi na seirbhísí a chumhdaítear in Airteagal 2(1) agus Airteagal 9.

1.9. Tá sé á iarraidh ag CESE go n-áireofaí sa téacs, freisin, go gcuirfí de cheangal ar an Aontas **feachtais múscailte feasachta uile-Aontais agus náisiúnta a chomhordú i ngach teanga de chuid an Aontais** don phobal i gcoitinne, d'úsáideoirí féideartha na gcártaí agus do sholáthraithe seirbhíse (Airteagal 9).

1.10. Molann CESE don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear **cistiú iomchuí ar fáil** do na Ballstáit chun costas na nósanna imeachta riaracháin, eisiúint fhisiciúil an Chárta, soláthar faisnéise, an feachtas múscailte feasachta, agus costais ghaolmhara eile a chumhdach, d'fhonn trasuí agus cur chun feidhme a éascú. Ba cheart don Choimisiún an méid sin a chur san áireamh agus an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile (Airteagal 9) á tharraingt suas aige.

1.11. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé seoladh an Chárta Míchumais Eorpaigh a chomhlánú le bearta Eorpacha agus bearta náisiúnta araon d'fhonn **inrochtaineacht ghinearálta na dtimpeallachtaí tógtha, an iompair, agus seirbhísí agus earraí a fheabhsú** i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ([4]) agus (AE) 2016/2102 ([5]) óPharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le rialacháin maidir le hinrochtaineacht iompair ([6]) agus le caighdeáin inrochtaineachta ghaolmhara.

1.12. Ar deireadh, tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE a thábhachtaí atá sé go n-oibreoidh institiúidí an Aontais **i ndlúthchomhar le daoine faoi mhíchumas, agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil** agus an Cárta Míchumais Eorpach á fhorbairt, á chur chun feidhme agus measúnú á dhéanamh air ina dhiaidh sin. Ní mór ról fóinteach a bheith ag na heagraíochtaí sin, rud a fhágann nach mór na hacmhainní agus an fhaisnéis is gá a thabhairt dóibh i bhformáidí inrochtana chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i gceart ann (Airteagal 11 agus Airteagal 12).

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Ar an gcéad dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara **nach réiteofar fadhbanna uile na saorghluaiseachta do dhaoine faoi mhíchumas leis an gCárta Míchumais Eorpach ná leis an gCárta Páirceála Eorpach**. Go bunúsach, trí bhíthin an Chárta Míchumais, ráthófar go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais na ndaoine faoi mhíchumas i ndáil le gach seirbhís, saoráid agus gníomhaíocht le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta i mBallstáit eile de chuid an Aontais. Tá bacainn shuntasach amháin ar shaorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas nach dtugtar aghaidh uirthi leis an gCárta, is é sin an easpa cosaint shóisialta lena gcuirtear srian ar aistriú buan go Ballstát eile. Dá bhrí sin, céim sa treo ceart atá sa togra ón gCoimisiún, ach ní éiríonn leis deireadh iomlán a chur leis na bacainní ar shaorghluaiseacht do dhaoine faoi mhíchumas.

2.2. Mar sin féin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún agus an tslí a bhfuil sé bunaithe ar **phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh** maidir le stádas míchumais idir na Ballstáit chun saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas san Aontas a éascú. Is éard atá i gceist leis an bprionsabal sin go n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na buntáistí céanna atá ag sealbhóirí cártaí náisiúnta agus cuairt á tabhairt acu ar Bhallstáit eile.

2.3. Áiritheofar leis an bprionsabal, freisin, go mbeidh **daoine faoi mhíchumas dofheicthe in ann taisteal agus gluaiseacht gan bhac ar fud an Aontais** gan saintréithe an mhíchumais a mhíniú agus gan ceisteanna a fhreagairt faoi na héilimh atá déanta acu ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach.

([4]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).
([5]) IO L 327, 2.12.2016, lch. 1.
([6]) IO L 204, 26.7.2006, lch. 1; IO L 46, 17.2.2004, lch. 1; IO L 334, 17.12.2010, lch. 1; IO L 163, 25.6.2009, lch. 1; IO L 172, 17.5.2021, lch. 1, , lch. 14; IO L 356, 12.12.2014, lch. 110; IO L 55, 28.2.2011, lch. 1;.

2.4. Is ábhar misnigh freisin é a thabhairt faoi deara gur i bhfoirm Treorach atá an togra, ar **reachtaíocht cheangailteach** í agus lena n-áiritheofar trasuí sa dlí náisiúnta.

2.5. Beidh **raon feidhme leathan** ag an togra má áirithítear ann na seirbhísí ar fad atá ar fáil do shealbhóirí cártaí míchumais náisiúnta seachas liosta teoranta seirbhísí, mar a rinneadh i dtreoirthionscadal an Choimisiúin. Ba cheart an raon feidhme sin a leathnú sna caibidlíochtaí idirinstitiúideacha a thiocfaidh amach anseo, nó é a choinneáil mar atá ar a laghad (féach pointe 1.3).

2.6. Ina theannta sin, is díol sásaimh do CESE **gur cártaí ar leithligh a bheidh sa Chárta Míchumais agus sa Chárta Páirceála**, cé go dtugtar aghaidh orthu sa togra céanna.

2.7. Ina theannta sin, ní mór príobháideachas an tsealbhóra a urramú ar an gCárta Míchumais Eorpach agus níor cheart aon fhaisnéis mhionsonraithe faoin gcineál míchumais ná faoi 'leibhéal' an mhíchumais a thaispeáint. Caithfidh an Cárta Míchumais Eorpach **a bheith i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** ([7])**(RGSC) agus caithfidh sé faisnéis phearsanta an úsáideora a chosaint**, ós rud é go ndéanann úsáid an Chárta chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar shocair cosaint a thabhairt don duine ar an oibleagáid sonraí pearsanta a thaispeáint agus a chur ar fáil, go háirithe an measúnú míchumais agus faisnéis sláinte pearsanta.

2.8. Is féidir an Cárta Míchumais Eorpach a úsáid **le cois na Cártaí Míchumais náisiúnta** freisin, nó é a chur ina n-ionad go hiomlán, de réir mar is mian leis na Ballstáit.

2.9. Leis an gCárta Míchumais Eorpach, **neartófar an comhar idir údaráis náisiúnta éagsúla agus gníomhaireachtaí rialtais chun feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna míchumais**. Ina theannta sin, is fusa a bheidh sé seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ó Bhallstáit nach bhfuil cárta míchumais náisiúnta acu toisc gur féidir an Cárta a úsáid ar an leibhéal náisiúnta freisin mar chruthúnas ar mhíchumas.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Is eol do CESE go bhféadfadh **an 't-idirdhealú aisiompaithe'** a bheith mar thoradh ar an togra ón gCoimisiún maidir leis an gCárta Míchumais, mar atá sé faoi láthair, **toisc a laghad comhchuibhithe atá ann i ndáil leis an measúnú míchumais agus na critéir a bhaineann le heisiúint an Chárta Míchumais**. D'fhéadfadh sé tarlú, mar shampla, go gcaithfí ar bhealaí difriúla le beirt a bhfuil an míchumas céanna orthu ach arb as Ballstáit dhifriúla iad agus cuairt á tabhairt acu ar an tríú Ballstát. D'fhéadfadh sé go mbeadh an Cárta Míchumais faighte ag duine amháin acu agus nach mbeadh ag an duine eile, de réir na gcritéar náisiúnta measúnaithe agus dáileacháin. Mar sin féin, ní fadhb é sin a bhaineann leis an togra féin ach le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do stádas míchumais, rud a bhfuil teorainneacha ag baint leis.

3.2. Ní fhágann an méid sin, i láthair na huaire, gur mar an gcéanna is gá na múnlaí measúnaithe míchumais na mBallstát a bheith, ach cuirfidh sé iallach ar na Ballstáit feabhas a chur ar na córais atá ann cheana, go háirithe ó thaobh cúrsaí leighis de, chun go mbeidh siad ag teacht níos mó le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Leis an togra, táthar tar éis **feasacht a mhúscailt freisin maidir leis na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cur chuige Eorpach i leith na nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar mhíchumas duine chun gur fusa a aithneofar an gá atá le feabhas a chur ar shaoirse gluaiseachta.**

3.3. Is amhlaidh an cás freisin maidir le hinaistritheacht na sochar slándála sóisialta. Cé go ndéanann an Coimisiún Eorpach iad a eisiamh go sainráite ón togra uaidh, molann CESE a bheith rud beag níos solúbtha sna cásanna sonracha a bhaineann le bogadh le haghaidh oibre nó staidéir. San fhadtéarma, caithfear dul i ngleic go sonrach leis an tsaincheist sin toisc go bhfuil **easpa inaistritheachta na sochar a bhaineann le míchumas fós ar cheann de na príomhbhacainní ar shaoirse gluaiseachta daoine** agus ní rachfar i ngleic leis sin leis an gCárta Míchumais ná leis an gCárta Páirceála. Is pointe é sin nach mór aghaidh a thabhairt air san athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta nó i dtogra reachtach ar leith.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([7]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([8]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.